# 9 Láithreáin líonta talún a fheabhsú

**9.1** Is é an sainmhíniú a thugtar ar dhramhaíl i gCreat-Treoracha Dramhaíola an AE[1] ná aon substaint nó earra a dhíobhann sealbhóir na substainte nó an earra sin, aon substaint nó earra a bheartaíonn sealbhóir na substainte nó an earra sin a dhíobhadh nó aon substaint nó earra a cheanglaítear ar shealbhóir na substainte nó an earra sin a dhíobhadh. Is é a bhíonn i gceist le dramhaíl a phróiseáil, go ginearálta, aisghabháil — ina mbaintear ábhair áisiúla nó acmhainní fuinnimh ón dramhaíl — nó diúscairt, ina ndéantar dramhaíl, i gcás dramhaíl neamhghuaiseach, a chur i láithreáin líonta talún. Príomhghné de líonadh talún mar mhodh diúscartha is ea gur gá rialú leanúnach agus maoirseacht fhadtéarmach a dhéanamh air lena chinntiú go mbainistítear rioscaí comhshaoil nuair a bhíonn na láithreáin á n-oibriú agus i ndiaidh go ndúntar iad freisin.

**9.2** Tá freagrachtaí maidir le maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar dhramhaíl in Éirinn leata i measc roinnt comhlachtaí poiblí (féach ar Fhíor 9.1). Tá freagracht fhoriomlán ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an Roinn) as beartas agus reachtaíocht um bainistiú dramhaíola.[2]

**9.3** Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach i mbreithiúnas a tugadh in aghaidh na hÉireann in 2005 go raibh ag teip ar Éirinn go ginearálta agus go seasta chun a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Threoir 75/442/CEE ón AE maidir le dramhaíl, arna leasú ag Treoir 91/156/CE ón AE, bunaithe ar a fheabhas a d'éirigh leis an tír maidir le roinnt láithreán líonta talún a sainaithníodh.[3]

**9.4** Bhunaigh an Roinn scéim deontais feabhsúcháin líonadh talún in 2006 chun cistiú caipitil a sholáthar maidir le hoibreacha bunriachtanacha faoinar tugadh ar láithreáin líonta talún cheadúnaithe a dúnadh (i.e. inar stopadh ag glacadh le dramhaíl chathrach) roimh an 1 Eanáir 2006. Cuireadh na deontais — a mhéid le 75% den eisíocaíocht riachtanach — ar fáil d'údaráis áitiúla a raibh acmhainní teoranta acu chun cabhrú leo éifeacht a thabhairt do phleananna feabhsúcháin agus iarchúraim a comhaontaíodh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC), ar aon dul le coinníollacha an cheadúnais ábhartha.

**9.5** Cuireadh le scéim deontais na Roinne in Aibreán 2018 chun cistiú a chur ar fáil do 100% de chostais chaipitil feabhsúcháin agus iarchúraim láithreáin líonta talún ar cuireadh stop lena n-oibriú agus a bhí á n-oibriú ag údaráis áitiúla, líonadh talún príobháideach ar ghlac an Stáit úinéireacht orthu agus dumpaí neamhdhleathacha chomh maith le bogaigh a athchóiriú nó a chruthú mar chúiteamh ar na bogaigh siúd ar baineadh úsáid astu roimhe seo mar dhumpaí.

1 Cuirtear Creat-Treoracha Dramhaíola an AE i bhfeidhm in Éirinn tríd an Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996 agus 2001 agus Acht Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003. Pléitear le gnéithe ar leith de Threoracha an AE i roinnt ionstraimí reachtúla freisin, ar nós I.R. Uimh. 390/1979 agus I.R. Uimh. 126/2011.

2 Tá súil leis go n-athrófar ainm na Roinne go dtí an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

3 Cás 494/01 de chuid na Cúirte Breithiúnais Eorpaí; eisíodh an breithiúnas an 26 Aibreán 2005.

## Na rudaí a ndírítear sa scrúdú orthu

**9.6** Tugadh faoin scrúdú seo leis an méid seo a leanas a dheimhniú i gcomhthéacs na scéime deontais feabhsúcháin

- cibé acu ar measúnaíodh nó nár measúnaíodh na riachtanais feabhsúcháin i gcás gach láithreáin atá á mbainistiú nó á rialú ag údaráis áitiúla
- an costas a bhí ar fheabhsúchán líonadh talún go dtí seo agus iontaofacht na meastachán ar chostais amach anseo maidir leis na láithreáin eile a dteastaíonn obair uathu
- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil oibreoirí ag ranníoc go cuí leis na costais a bhíonn ar líonadh talún a dhúnadh, a athchóiriú nó ar iarchúram a sholáthar dóibh, ar aon dul leis an bprionsabal 'íocadh an truaillitheoir'.

**9.7** Tugadh faoin scrúdú trí fhiosrúcháin agus scrúdú a dhéanamh ar thaifid agus ar shonraí a bhí á gcoimeád ag an Roinn agus ag an GCC. Níl údaráis áitiúla faoi chuimsiú scóip shainordú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**9.8** Rinneadh athbhreithniú ar roinnt tionscadail feabhsúcháin ar leith a chistigh an Roinn go hiomlán nó go páirteach mar chuid den scrúdú. Tugtar achoimre orthu seo sa tuarascáil mar chás-staidéir le cineál na hoibre a léiriú a bhíonn i gceist maidir le feabhsúchán líonadh talún, agus na dúshláin riaracháin a léiriú a d'fhéadfadh teacht aníos don Roinn maidir lena chinntiú go mbaintear úsáid chuí agus leas maith as cistí poiblí.

### Fíor 9.1 Léargas ginearálta ar róil agus freagrachtaí maidir le bainistíocht dramhaíola

| Aonán | Limistéar freagrachta |
|---|---|
| **An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an Roinn)** | ▪ Beartas agus reachtaíocht um bainistiú dramhaíola, ar an iomlán. |
| **Údaráis áitiúla** | ▪ Bainistíocht dramhaíola laistigh dá limistéir dhlínse agus a oibríonn saoráidí láimhseála dramhaíola, láithreáin líonta talún san áireamh.<br>▪ Ceadanna a eisiúint maidir le saoráidí láimhseála dramhaíola a oibriú.<br>▪ Cumhachtaí agus oibleagáidí chun gníomhaíocht dramhaíola neamhdhleathach a chomhrac. |
| **An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (an ONCBD)** | ▪ Oibríonn an Oifig ó Chomhairle Contae Uíbh Fhailí agus riartar an córas ceadanna bailithe dramhaíola ann thar ceann na n-údarás áitiúil go léir. |
| **Oifigí réigiúnacha um pleanáil bainistíochta dramhaíola (3)** | ▪ Feidhm um pleanáil bainistíochta dramhaíola na n-údarás áitiúil a chomhordú.<br>▪ Na pleananna bainistíochta dramhaíola réigiúnacha a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. |
| **Údaráis cheannais réigiúnacha um fhorfheidhmiú dramhaíola (3)** | ▪ Gníomhartha forfheidhmithe dramhaíola a chomhordú laistigh de réigiúin.<br>▪ Tosaíochtaí agus cuspóirí coiteanna a leagan amach, atá in ainm is a chinntiú go ndéantar an reachtaíocht dramhaíola a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach laistigh de réigiúin.<br>▪ Obair ar a ndéanann coiste stiúrtha náisiúnta maoirseacht, a bhunaigh an Roinn, le hionadaithe ó réimse údaráis rialála. |
| **An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC)[a]** | ▪ Comhlacht rialála le haghaidh saoráidí agus líonadh talún mór.<br>▪ Ceadúnais oibríochta a eisiúint agus cigireacht a dhéanamh ar na saoráidí.[b] |
| **An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil (oifig laistigh den GCC)** | ▪ Tá feidhmeanna ag an oifig seo a bhaineann leis an reachtaíocht chomhshaoil a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.<br>▪ Tá feidhm mhaoirseachta aige maidir le gníomhaíochtaí um chosaint an chomhshaoil ag údaráis áitiúla agus is féidir leis dul i mbun gnímh in aghaidh údaráis áitiúil nach bhfuil a fheidhmeanna cosanta comhshaoil á gcomhlíonadh i gceart aige. |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Arna bhunú faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

b Foráiltear san Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 do cheadúnú agus rialáil láithreáin líonta talún ag an GCC. Foráladh san Acht seo freisin do phionóis, monatóireacht ar líonadh talún, agus dualgais áirithe de chuid údarás áitiúil.

## Láithreáin líonta talún a shainaithint agus a mheasúnú

**9.9** Foráiltear san Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go sainaithníonn údaráis áitiúla láithreáin laistigh dá ndlínsí ar tugadh faoi ghníomhaíochtaí diúscartha nó aisghabhála dramhaíola iontu, chun measúnú a dhéanamh ar aon riosca go ndéanfaí truailliú comhshaoil agus chun bearta feabhais a shainaithint. Anuas ar líonadh talún cathrach, airíodh láithreáin diúscartha dramhaíola neamhrialáilte leis seo. Ní dheachthas i mbun gnímh i leith an riachtanais seo den chuid ba mhó, áfach, mar gheall nach raibh aon chaighdeán náisiúnta ann ar féidir leis na húdaráis áitiúla cloí leis agus measúnú á dhéanamh ar riosca is oibreacha riachtanacha feabhsúchán á sainaithint. Chuathas i ngleic leis an easnamh in 2007 nuair a foilsíodh cód cleachtais an GCC maidir le measúnú riosca comhshaoil a dhéanamh ar láithreáin diúscartha dramhaíola neamhrialáilte.

**9.10** Cuireadh leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar údaráis áitiúla i dtaobh líonadh talún in 2008.[1] Anuas ar an ngá le láithreáin a d'oibrigh siad féin sa tréimhse idir Iúil 1977 agus Márta 1997 a chlárú (leagadh freagracht ar an GCC as oibríochtaí líonadh talún a cheadúnú agus a rialáil ag an tráth seo) agus chun tabhairt faoi mheasúnú riosca comhshaoil, bhí ar údaráis áitiúla anois iarratais a dhéanamh ar an GCC chun cead agus údarú a fháil le haghaidh aon oibreacha feabhsúcháin a bheartaigh siad.

**9.11** Ba é an líon iomlán láithreán líonta talún in Iúil 2020 611.[2] Áiríodh leis seo


- 117 láithreán atá á gceadúnú agus á rialáil ag an GCC ó Mhárta 1997, agus a leanann sé le monatóireacht a dhéanamh orthu — ina bhfuil 64 láithreán atá á n-oibriú ag údaráis áitiúla agus 53 láithreán atá á n-oibriú go príobháideach.
- 494 láithreán neamhrialáilte a chláraigh údaráis áitiúla ar chlár gréasánbhunaithe a bhunaigh an GCC.[3] Láithreáin líonta talún a bhíodh á n-oibriú ag údaráis áitiúla roimhe seo ab ea breis agus 70% de na láithreáin. Ba láithreáin a bhí faoi úinéireacht phríobháideach thart ar 21% díobh, agus ba láithreáin dumpála neamhdhleathacha 8% díobh (féach ar Fhíor 9.2).

1 I.R. Uimh. 524/2008 — na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Gníomhaíocht Diúscartha agus Aisghabhála Dramhaíola Neamhcheadúnaithe Stairiúil a Dheimhniú), 2008.

2 Cuimsítear líonadh talún san fhíor seo le haghaidh saghsanna agus cásanna éagsúla dramhaíola, dramhaíl sholadach chathrach, dramhaíl thámh agus líonadh talún san áireamh a bhaineann le saoráidí tionsclaíocha, e.g. atá ceadúnaithe ag an GCC mar ghníomhaíochtaí um chosc agus rialú comhtháite ar thruailliú.

3 Déanann an GCC clár Alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola a choimeád. Tá údaráis áitiúla freagrach as iomláine agus fíorú na sonraí a iontráladh. Clár dinimiciúil é, a nuashonraítear ar bhonn leanúnach de réir mar a thagann eolas nua chun solais. Comhaontaíodh go n-aistreofar óstáil agus bainistiú an chláir ón GCC go dtí na húdaráis áitiúla agus tá obair ar bun laistigh den *NWCPO* i gComhairle Contae Uíbh Fhailí ina leith sin.

**Fíor 9.2 Láithreáin líonta talún ar chlár Alt 22, amhail an 31 December 2019**




Foinse: Clár Alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola atá á choimeád ag an GCC

Nóta: a Áirítear leis seo 101 láithreán príobháideach a ceadúnaíodh faoi I.R. 390/1979 agus dúnadh dhá láithreán phríobháideacha roimh an mbliain 1980.

### *Measúnú ar láithreáin*

**9.12** Baineann trí chéim chéimnitheacha le measúnú riosca comhshaoil a dhéanamh ar na láithreáin atá i gclár Alt 22.


- Measúnú Shraith 1 — samhail choincheapúil láithreán agus measúnú riosca a fhorbairt — ceadaíonn seo láithreáin a chatagóiriú de réir riosca íseal, measartha agus ardriosca.
- Measúnú Shraith 2 — imscrúduithe agus tástáil níos mionsonraithe ar láithreáin.
- Measúnú Shraith 3 — samhail choincheapúil an láithreáin a chuíchóiriú agus measúnú riosca cainníochtúil a chur i gcrích do gach láithreán lena mbaineann riosca measartha agus ardriosca.

*Measúnuithe riosca*

**9.13** Bhí measúnú déanta faoi dheireadh 2019, ar gach ceann de na 280 láithreán údaráis áitiúil atá ann ó 1977 ar aghaidh ar chlár Alt 22 agus rinneadh gach ceann, seachas ceann amháin, a chatagóiriú (féach ar Fhíor 9.3). Dheimhnigh measúnú a rinneadh ar bhreis agus leath na láithreán go bhfuil ardriosca nó riosca measartha iontu.

**9.14** Níorbh fhéidir leis an GCC, ná leis an Roinn, ná na hoifigí pleanála bainistíochta dramhaíola réigiúnacha eolas iomlán a sholáthar don fhoireann scrúdaithe ar stádas measúnaithe riosca na 214 láithreán eile ar chlár Alt 22 amhail an 31 Nollaig 2019.

**Fíor 9.3 Rátáil riosca a dhéanamh ar láithreáin líonta talún atá á n-oibriú ag údarás áitiúil ó 1977 ar aghaidh**




Foinse: An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Nóta: a Luaigh an Roinn nach bhféadfadh an t-údarás áitiúil an chatagóir riosca iarbhír a dheimhniú do láithreán amháin, ar a ndearnadh measúnú riosca agus obair feabhsúcháin mar chuid d'fhorbairt bóthair.

*Gníomhartha chun an riosca a mhaolú*

**9.15** Bíonn ar údaráis áitiúla pleananna feabhsúcháin a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a shainaithnítear do láithreán nuair a bhíonn an próiseas measúnaithe riosca trí shraith tugtha chun críche acu.

**9.16** Ar aon dul le beartas Roinne agus leis na pleananna bainistíochta dramhaíola réigiúnacha, is é príomhchuspóir oibreacha feabhsúcháin chun aon riosca comhshaoil, a chruthaíonn láithreán ar a n-imríonn dramhaíl tionchar, a dhíothú nó a bhainistiú. Úsáidtear trí straitéis fhairsinge chun láithreán a fheabhsú.

- Is é an cur chuige is minice a úsáidtear chun an dramhaíl a cuireadh i líonadh talún a fhágáil ar an láthair. Chun seo a réiteach is gnách gur gá caipín ar a ndearnadh innealtóireacht, córas coimeádta láisteáite nó córas draenála, agus struchtúir a shuiteáil a dhéanann gáis líonadh talún (gás a dhóitear ag sceitheoir bladhma, a bhailítear chun fuinneamh a ghiniúint nó a scaoiltear trí ghaothairí éighníomhacha gáis) a asbhaint, agus bainistíocht iarchúraim a dhéanamh ar an láithreán ar feadh go leor blianta. Is éard a bhaineann le bainistíocht iarchúraim ná bainistíocht agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh i dtaobh láisteáite agus gáis, go dtí go mbaintear cobhsaíocht amach sa láithreán agus nach gcruthaíonn sé bagairt don tsláinte phoiblí nó don chomhshaol a thuilleadh.
- Rogha feabhsúcháin nach mbaintear an oiread céanna úsáide as is ea an dramhaíl go léir a bhaint chun í a dhiúscairt in áit eile agus chun an láithreán líonta talún a líonadh agus a athchóiriú le hábhar támh.
- Bíonn an tríú rogha ar fáil nuair is féidir dramhaíl áirithe a bhaint ón láithreán, agus bainistiú ceart a dhéanamh ar pé dramhaíl atá fós sa láithreán.

**9.17** Sonraítear i dtreoir ón Aire a eisíodh in 2005 agus i gcód cleachtais an GCC gur gá an dramhaíl go léir a bhaint i gcás láithreáin neamhdhleathacha a shainaithnítear, má tá feabhsúchán á dhéanamh, seachas nuair a thugtar le fios go ndéanann rogha eile cosaint níos fearr ar an gcomhshaol agus ar shláinte an daonra áitiúil.

**9.18** Déantar measúnú ar na pleananna feabhsúcháin láithreáin a ullmhaíonn údaráis áitiúla i dtaobh cuspóirí cistithe ar bhealaí éagsúla. Braitheann an cur chuige a ghlactar ar cibé acu ar oibrigh an t-údarás áitiúil nó oibreoir príobháideach an láithreán agus ar cathain a bhí sé á oibriú.

**9.19** Cuirtear pleananna feabhsúcháin maidir le láithreáin líonta talún de chuid údarás áitiúil a oibríodh sa tréimhse idir Iúil 1977 agus Márta 1997 faoi bhráid an GCC, anuas ar iarratais ar dheimhnithe údaraithe. Deonaíonn an GCC cead, trí dheimhniú údaraithe, nuair a bhíonn sé sásta go bhfuil na hoibreacha agus na cláir iarchúraim a bheartaítear oiriúnach agus daingean. Cé gur deimhníodh i ndiaidh measúnú a dhéanamh go bhfuil ardriosca nó riosca measartha á chruthú in 152 de na 280 láithreán, faoi dheireadh 2019, ní raibh deimhnithe deiridh údaraithe d'obair feabhsúcháin eisithe ag an GCC ach in 11 chás (7% de na 152 láithreán) (Féach ar Fhíor 9.4). Fuarthas iarratais maidir le 18 láithreán eile ina raibh ardriosca nó riosca measartha. Chuir an GCC in iúl don fhoireann scrúdaithe go raibh ardchéim de dheimhniúchán bainte amach i gcás cúig cinn de na láithreáin siúd.

**9.20** Caithfidh duine cáilithe (cibé acu laistigh den údarás áitiúil nó sainchomhairleoir seachtrach) a (h)ainm a chur le pleananna feabhsúcháin do shaghsanna eile láithreán — líonadh talún neamhdhleathach, príobháideach agus de chuid údaráis áitiúil a bhí á n-oibriú roimh 1977 sular féidir leis an Roinn cistiú deontais a cheadú. Níl aon sonraí lárnacha ar stádas feabhsúcháin na 214 láithreán sa chatagóir seo a sainaithníodh a fhad le deireadh 2019.

**Fíor 9.4 Gníomhartha maidir le láithreáin údaráis áitiúil a fheabhsú a bhí á n-oibriú roimh 1977,[a] an 31 Nollaig 2019**

| | Ardriosca nó riosca measartha | Ísealriosca agus gan chatagóiriú | Gach láithreán |
|---|---|---|---|
| Eisíodh deimhnithe deiridh údaraithe d'obair feabhsúcháin | 11 | 2 | 13 |
| Iarratais ar dheimhnithe údaraithe a cuireadh faoi bhráid an GCC[b] | 18 | 9 | 27 |
| Tá an measúnú ar bun nó ní deachthas i mbun aon ghnímh | 123 | 117 | 240 |
| Gach láithreán | **152** | **128** | **280** |

Foinse: An GCC

Nótaí: a Baineann an tábla seo le láithreáin a oibríodh idir Iúil 1977 agus Márta 1997, agus ar cuireadh stop le hoibríochtaí iontu roimh cheadúnú an GCC.

b Chuir an GCC an fhoireann scrúdaithe ar an eolas go raibh ardchéim de dheimhniúchán bainte amach i gcás cúig iarratas.

### *Láithreáin atá á rialáil ag an GCC a fheabhsú*

**9.21** Rinneadh an t-údarás rialála agus ceadúnaithe den GCC ó Mhárta 1997 ar aghaidh i gcás gach líonadh talún oibríochtúil, bíodh siad á n-oibriú ag údarás áitiúil nó go príobháideach. Cuireadh stop le gach ceann de na 117 láithreán ceadúnaithe a oibriú, seachas trí cinn, faoi dheireadh 2019 (féach ar Fhíor 9.5). Eisíodh ceadúnais a bhain go sonrach leis an saghas dramhaíola a d'fhéadfaí a chur agus bhí sonraíochtaí agus coinníollacha teicniúla iontu chun an riosca comhshaoil a bhainistiú. Déanann an GCC monatóireacht leanúnach lena chinntiú go gcloítear le coinníollacha an cheadúnais. D'fhéadfaí na hoibreoirí líonadh talún a ionchúiseamh má dhéantar sárú ar an gceadúnú.

**9.22** Dhaingnigh an GCC ciontuithe in aghaidh údaráis áitiúla 18 n-uaire i ngeall gur sáraíodh coinníollacha ceadúnaithe, ar gnách gur boladh, núis nó teip ar bhonneagar leordhóthanach a shuiteáil a bhí i gceist leis seo. Thionscain an GCC cúig ionchúiseamh maidir le láithreáin líonta talún ceadúnaithe a bhí faoi úinéireacht phríobháideach, agus rinneadh trí chiontú dá bharr, agus cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm in dhá chás.

**Fíor 9.5 Stádas agus gníomhaíocht forfheidhmithe láithreán atá á rialáil ag an GCC, an 31 Nollaig 2019**

| | Faoi úinéireacht phríobháideach | Údarás áitiúil | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Dúnta | 50 | 64 | 114 |
| Oibríochtúil | 3 | — | 3 |
| **Líon iomlán na láithreán** | **53** | **64** | **117** |
| Ionchúisimh a ndearnadh ciontú dá bharr | 3 | 18 | 21 |

Foinse: An GCC

## Caiteachas na Roinne ar fheabhsúchán

**9.23** Chuir an Roinn €158.4 milliún, ar an iomlán, ar fáil maidir le feabhsúchán líonadh talún ar 122 láithreán a fhad le deireadh 2019. Cuireadh breis agus ceithre chúigiú den chaiteachas ar fáil ó chistí vótáilte, agus eisíodh an t-iarmhéid ón gCiste Comhshaoil. Bhí éagsúlacht mhór idir an leibhéal caiteachais ar fheabhsúchán líonadh talún i measc na láithreán.

**9.24** Sholáthair an Roinn €52.4 milliún ar mhaithe le feabhsúchán talún ag iar-láithreán tionsclaíoch Inis Sionnach i gCuan Chorcaí. Anuas ar chaiteachas na Roinne, chaith an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara €24.6 milliún sa bhreis idir 2011 agus 2019 ar fheabhsúchán láithreán Inis Sionnach. Nuair a chuirtear an caiteachas sin san áireamh, is é an cistiú iomlán a soláthraíodh ar mhaithe le feabhsúchán a dhéanamh ar an láithreán aonair sin €77 milliún.

**9.25** Sholáthair an Roinn breis agus €23.9 milliún chun obair feabhsúcháin a dhéanamh ar iar-láithreán líonta talún ceadúnaithe tráchtála ag Baile Chairdif i gContae Cill Dara (féach ar Chás-Staidéar 3) agus €9.6 milliún chun dul i mbun gníomh forfheidhmiúcháin agus oibreacha iarchúraim ag láithreán líonta talún ceadúnaithe agus a bhíodh faoi úinéireacht phríobháideach roimhe seo ag Cill Chonaill i gContae na Gaillimhe (féach ar Chás-Staidéar 4). Measann an Roinn go bhféadfadh a mhéid le €68 milliún sa bhreis a bheith ag teastáil chun obair feabhsúcháin a dhéanamh ag láithreáin Bhaile Chairdif agus Chill Chonaill.

**9.26** Bhí méid an chistithe a soláthraíodh a fhad le deireadh 2019 chun obair feabhsúcháin a dhéanamh i láithreáin eile i bhfad ní ba lú — beagán de bhreis ar €72 milliún le haghaidh 119 láithreán — agus is ionann seo agus thart ar €609,000, ar an meán, in aghaidh an láithreáin. Níl feabhsúchán tugtha chun críche go fóill, áfach, i bhformhór na láithreán. Ní dhearnadh an costas iomlán atá ar oibreacha feabhsúcháin leanúnacha a chríochnú ag láithreáin (seachas ag Baile Chairdif agus Cill Chonaill) a mheas.

**9.27** Anuas ar láithreáin neamhrialáilte a shainaithin údaráis áitiúla, sainaithníodh gur tugadh dramhaíl a rinneadh a dhumpáil go neamhdhleathach i 17 láithreán i dTuaisceart Éireann ó áiteanna laisteas den teorainn. Réitíodh an fhadhb i gcás 12 cheann de na láithreáin (arb ionann sin agus thart ar 42% den dramhaíl neamhdhleathach), tríd an dramhaíl a bhaint agus na láithreáin a athchóiriú, a chosain thart ar €8 milliún ar Stát na hÉireann.[1] Tá idirbheartaíocht ar bun le húdaráis Thuaisceart Éireann maidir le modh an fheabhsúcháin ar na cúig láithreán eile.

**9.28** Níl fáil ar mheastacháin ar chostais fhéideartha feabhsúcháin amach anseo maidir le láithreáin líonta talún eile a sainaithníodh. Luaigh an Roinn go bhfuil measúnuithe riosca Shraith 2 agus 3 ar bun i gcás fhormhór na dtionscadal seo, a chuirfidh eolas ar fáil do phlean réitigh an láithreáin agus níl costálacha feabhsúcháin tuartha ar fáil go fóill dá bharr.

### *Cás-Staidéar 1: líonadh talún faoi rialáil údaráis áitiúil a fheabhsú, ina ndéanfar bogaigh a athchóiriú*

**9.29** Tugtar cuntas sa chás-staidéar ar an bpróiseas feabhsúcháin ar tugadh faoi ag líonadh talún údaráis áitiúil atá suite ag Trá Mhór, Contae Phort Láirge. Bhí an líonadh talún á oibriú ar feadh go leor blianta, agus glacadh ann le réimse fairsing dramhaíola, dramhaíl ghuaiseach san áireamh, agus rinne an GCC gnéithe den bhealach a oibríodh é a cháineadh.

**9.30** Chosain na hoibreacha feabhsúcháin faoinar tugadh ag an láithreán líonta talún agus sa bhogach ina aice €12.3 milliún, ar an iomlán, agus cuireadh €11.3 milliún den chostas sin ar fáil ón Státchiste agus an Ciste Comhshaoil agus chuir Comhairle Contae Phort Láirge €1 milliún ar fáil. I measc na n-oibreacha faoinar tugadh, rinneadh gnáthóga bogaigh a ndearnadh díobháil dóibh a athchóiriú (costas €7.6 milliún) agus rinneadh líonadh talún Thrá Mhór a fheabhsú (costas €4.7 milliún). Tá na hoibreacha feabhsúcháin caipitiúla go léir críochnaithe, agus tá bainistiú agus monatóireacht á dhéanamh ar líonadh talún Thrá Mhór chun an comhshaol a chosaint.

1 Cuireadh cistiú ar fáil do na híocaíochtaí ón gCiste Comhshaoil.

## Cás-Staidéar 1 Trá Mhór — Comhairle Contae Phort Láirge

- 1939 — Bhí an láithreán á oibriú
- 2005 — Láithreán dúnta
- 2006 — Tús curtha le hoibreacha líonadh talún
- 2007
- 2008 — Tús curtha le hoibreacha cruthaithe bogaigh
- 2018




### Príomhfhíricí

**Saghas an líonta talún** Láithreán cathrach atá á rialáil

**Costais:** €12.3 milliún — An Státchiste: €11.3 milliún,
Comhairle Contae Phort Láirge: €1 milliún

**Stádas:** Feabhsaithe/athchóirithe

### Príomhghnéithe

- D'oibrigh Comhairle Contae Phort Láirge líonadh talún Thrá Mhór ó 1939 go 2005, tráth ar cuireadh stop lena oibriú.
- Glacadh le dramhaíl ghuaiseach ag an láithreán.
- Luadh sa mheasúnú a rinne an GCC I 2001 go raibh droch-chleachtais oibríochtúla ar bun ag an tsaoráid.
- I measc na bhfadhbanna a shainaithin an GCC a bhain leis an láithreán seo, bhí an méid seo a leanas:
  - ní raibh bainistíocht á déanamh ar ghás líonadh talún ag an tsaoráid
  - ní raibh aon bhearta rialaithe láisteáite ar an láthair.
- Bhí bogach nua le hathchruthú lena chur in ionad an bhogaigh a ndearnadh díobháil dó. Cuimsíodh sa chostas a bhí ar an mbogach a athchruthú talamh thalmhaíochta a bhí ina aice a cheannach ar €2.4 milliún.
- Tugadh faoi na hoibreacha ar líonadh talún Thrá Mhór idir 2006 agus 2012 agus tugadh faoi na hoibreacha ar bhogach Thrá Mhór a chruthú idir 2008 agus 2014.

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Cás-Staidéar 2: láithreán dramhaíola neamhdhleathach a fheabhsú*

**9.31** Tugtar cuntas sa chás-staidéar ar chúinsí tionscadal feabhsúcháin líonadh talún faoinar tugadh ag Baile an Fhaoitigh i gContae Chill Mhantáin, inar cuireadh méideanna móra de dhramhaíl go neamhdhleathach i gcaitheamh go leor blianta a fhad le 2001. Luadh an dumpa neamhdhleathach ag Baile an Fhaoitigh i gcás na Cúirte Breithiúnais Eorpaí in 2005 mar shampla den teip ar Éirinn chun a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Chreat-Treoir Dramhaíola 1975.

**9.32** Rinne Comhairle Contae Chill Mhantáin iarrachtaí in 2005 le tabhairt ar na truaillitheoirí agus ar úinéirí an láithreáin ag an tráth sin an láithreán a chur ina cheart agus d'eisigh an GCC ceadúnas inar sonraíodh go raibh an dramhaíl neamhthámh go léir le baint ón láithreán. Rinneadh roinnt ciontuithe coiriúla mar thoradh ar imscrúduithe faoinar thug an Chomhairle.

**9.33** Chuir úinéirí an láithreáin ina dhiaidh sin tús le himeachtaí dlíthiúla in 2008 inar lorgaíodh orduithe lena gceanglófaí ar an gComhairle an láithreán a fheabhsú ar an mbunús go ndearna an Chomhairle agus a gníomhairí (i measc daoine eile) dramhaíl a thabhairt go neamhdhleathach chuig an láithreán, i gcaitheamh go leor blianta. D'iarr an Roinn in 2011 ar an gComhairle an láithreán a fheabhsú go práinneach. Rinne an Roinn an cinneadh chun íoc as costais feabhsúcháin na Comhairle mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí truailliú agus le himeachtaí breise sáraithe ón AE a sheachaint, fíneálacha laethúla a d'fhéadfaí a ghearradh san áireamh.

**9.34** Bhunaigh an Chomhairle grúpa oibre teicniúil trí oibriú leis an GCC chun maoirseacht a dhéanamh ar an gclár imscrúdaithe, measúnaithe riosca agus oibreacha feabhsúcháin ar beartaíodh tabhairt faoi ar an láithreán. Mhol an grúpa oibre chun go leor den dramhaíl a bhí ag Baile an Fhaoitigh a fhágáil ar an láthair agus chomhaontaigh an Roinn le hamhlaidh a dhéanamh. I ndiaidh comórtas tairisceana, críochnaíodh na hoibreacha feabhsúcháin ar tugadh fúthu thar ceann na Comhairle in 2015 agus chosain siad €3.9 milliún.

**9.35** Mar gheall ar imeachtaí dlíthiúla faoinar thug úinéirí an láithreáin ina dhiaidh sin in aghaidh na Comhairle, deimhníodh san Ard-Chúirt nár chomhlíon an feabhsúchán faoinar tugadh ag Baile an Fhaoitigh dlí an AE agus go raibh modheolaíocht an fheabhsúcháin lochtach, agus go ndearnadh dramhaíl ghuaiseach a mheascadh le dramhaíl eile, agus go bhféadfadh seo an láithreán a éilliú, dá bharr. Anuas air sin, mar gheall gur gá monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an láithreán líonta talún, ní féidir leis an gComhairle a lua cathain a bheidh sí in ann an láithreán a thabhairt ar ais dá úinéirí. D'ordaigh an Chúirt don Chomhairle an dramhaíl ar fad (agus an ithir go léir nó na hábhair eile go léir a rinne nó a d'fhéadfadh go ndearna an dramhaíl sin a éilliú) a bhaint is a thabhairt chuig saoráid cheadúnaithe diúscartha dramhaíola ó gach limistéar den láithreán, limistéir san áireamh a ndearnadh iarracht obair feabhsúcháin a dhéanamh orthu cheana féin, agus an láithreán a líonadh agus a thírdhreachú go cuí le hábhar támh a foinsíodh ó áit eile.

**9.36** Luaigh an Roinn nach eol go fóill na costais a bhí ar an obair feabhsúcháin a theastaigh ag láithreán Bhaile an Fhaoitigh agus go ndearnadh teagmháil rialta le Comhairle Contae Chill Mhantáin chun nuashonruithe a sholáthar ar oibreacha leanúnacha agus chun plean réitigh láithreáin nua a sheoladh ar aghaidh. Níl pleananna breise feabhsúcháin ná plean réitigh láithreáin faighte ag an Roinn agus ní dhearna Comhairle Contae Chill Mhantáin aon iarratas breise ar chistiú. Ní páirtí í an Roinn leis na himeachtaí san Ard-Chúirt.

**Cás-Staidéar 2 Baile an Fhaoitigh — Comhairle Contae Chill Mhantáin**

1979

1989 — Gearáin faoi fhianaise a rinneadh leis an gComhairle

1990 — D'aithin Comhairle Contae Chill Mhantáin go hoifigiúil go ndearnadh dumpáil neamhdhleathach

2001

2005

2010

2011 — D'iarr an Roinn in 2011 ar an gComhairle an láithreán a fheabhsú

Tosaíodh oibreacha feabhsúcháin a chosain €3.9 milliún

2014

2015

2016

2017

Dheimhnigh an Chúirt go meastar go raibh an obair feabhsúcháin neamhleor

2018



Grianghraf 1: Íomhá a glacadh in Eanáir 2014 de Chrios C sa tulra agus Crios A ar chlé ón teach

**Príomhfhíricí**

**Saghas an líonta talún** Neamhdhleathach

**Costais go dtí seo:** €4.1 milliún

**Stádas:** Ar feitheamh plean réitigh láithreáin

**Príomhghnéithe/costais amach anseo**

- Dúradh gurb é an láithreán an dumpa neamhdhleathach is mó a aimsíodh sa Stát agus go raibh sé á oibriú ó 1979 go dtí tráth déanach in 2001.
- Rinneadh dramhaíl, dramhaíl tí, ospidéil, thionsclaíoch agus tógála san áireamh a dhumpáil go neamhdhleathach ag an láithreán seo. Bhí roinnt den dramhaíl tógála mar thoradh ar oibreacha innealtóireachta sibhialta faoinar thug údaráis áitiúla nó faoinar tugadh thar ceann údaráis áitiúla, tarramhacadam tocsaineach agus cartadh bóthair san áireamh.
- Luadh an láithreán i gCás C 494/01 de chuid na Cúirte Breithiúnais Eorpaí in 2005 mar shampla den teip ar Éirinn Creat-Treoir Dramhaíola 1975 a chomhlíonadh.
- Tugadh faoi obair feabhsúcháin ar an láithreán a thosaigh in 2013, a chosain €3.9 milliún ar an Roinn.
- Chuir úinéir an láithreáin (*Brownfield Restoration (Ireland) Limited*) tús le cás dlí in aghaidh Chomhairle Contae Chill Mhantáin a rinne an líomhain nár thug an Chomhairle faoi fheabhsúchán ceart an láithreáin.
- Deimhníodh san Ard-Chúirt in 2017 go raibh obair feabhsúcháin faoinar thug an Chomhairle in 2014 easnamhach.
- I ndiaidh don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh, rinneadh measúnú riosca comhshaoil shraith 1 i bhFeabhra 2019. Tugadh le fios sa mheasúnú go bhfuil ardriosca sa láithreán.
- Tá an t-imscrúdú ar an láithreán ar bun faoi láthair agus tá súil leis go ndéanfar plean feabhsúcháin láithreáin a chríochnú agus a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara ábhartha roimh dheireadh Shamhain 2020.
- Níl aon sonraí ag an Roinn faoi na costais deiridh a bheidh i gceist chun an láithreán a fheabhsú.
- Tá €0.2 milliún caite ag an Stát amhail an 31 Nollaig 2019 ar imscrúduithe láithreáin agus chun plean feabhsúcháin a fhorbairt.

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Foráil airgeadais do chostais feabhsúcháin

**9.37** Ceanglaíonn an GCC ar cheadúnaithe faoi dhlí comhshaoil na hÉireann foráil airgeadais leordhóthanach a dhéanamh chun na dliteanais fhéideartha chomhshaoil a bhainistiú a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí ceadúnaithe. Ceanglas é foráil airgeadais de chuid Threoir 1999/31/CE maidir le Líonadh Talún a tháinig i bhfeidhm ó Iúil 2009 agus ina gcuirtear ionstraim airgeadais nó foráil airgeadais cheadaithe eile i bhfeidhm chun íoc as an gcostas iomlán a bhíonn ar fhreagairt agus as bearta feabhais má tharlaíonn teagmhas, agus/nó as na costais a bhíonn ar dhúnadh, díchoimisiúnú, athchóiriú, iarchúram agus bainistíocht. Baineann na forálacha le 63 láithreán, ar an iomlán, 50 láithreán san áireamh atá á n-oibriú i ndiaidh Iúil 2009 agus 13 láithreán údaráis áitiúil a dúnadh roimh Iúil 2009 inar iarr an GCC go gcuirfí foráil airgeadais i bhfeidhm mar gheall go ndearnadh éilliú áirithe ar an láithreán. Bíonn socruithe éagsúla i gceist, ag brath ar cibé acu an bhfuil an láithreán faoi úinéireacht phríobháideach nó á oibriú ag an údarás áitiúil.


- ***Láithreáin phríobháideacha/thionsclaíocha (25) —*** Bunaithe ar cheachtanna a foghlaimíodh inar dhealraitheach nár leor forálacha airgeadais nó gur theip orthu in agóid dhlíthiúil, neartaigh an GCC a chuid riachtanas le blianta beaga anuas maidir le gach líonadh talún, go háirithe líonadh talún a oibrítear go príobháideach/líonadh talún tionsclaíoch, iad siúd a dúnadh ina measc. A luaithe a chomhaontaítear costálacha dliteanais chomhshaoil leis an GCC, áirítear leis na roghanna a chuirtear ar fáil do na hoibreoirí a bhíonn i gceist cistí urraithe, bannaí ar éileamh agus polasaithe árachais lagaithe comhshaoil a chur i bhfeidhm.
- ***Láithreáin údaráis áitiúil (38) —*** Iarradh ar na húdaráis áitiúla ábhartha an costas a thuar a bheidh ar na láithreáin a dhúnadh, a athchóiriú agus ar oibreacha iarchúraim a dhéanamh iontu maidir le láithreáin údaráis áitiúil atá á n-oibriú ó Iúil 2009 ar aghaidh agus comhaontú scríofa a sholáthar don GCC ina nglactar le dliteanas as tabhairt faoi na hoibreacha. A luaithe a chomhaontaítear an dliteanas féideartha, is féidir leis an údarás áitiúil
    - cúlchiste speisialta a chruthú chun íoc as na dliteanais go léir a thagann chun solais, nó
    - cúlchiste speisialta a bhunú chun íoc go páirteach as an dliteanas agus chun gealltanas a sholáthar go n-íocfar as iarmhéid an chistithe as iasachtaí agus buiséid bhliantúla, nó
    - gealltanas a thabhairt chun gach dliteanas a mhaoiniú de réir mar a thagann siad aníos ó bhuiséid bhliantúla agus iasachtaí.

**9.38** Tá comhaontuithe ar fhoráil airgeadais i bhfeidhm anois maidir leis an méid seo a leanas

- ocht gcinn de na 13 líonadh talún phríobháideacha — a chumhdaíonn 87% den dliteanas measta comhshaoil
- deich gcinn de na 12 líonadh talún thionsclaíocha — a chumhdaíonn 97% den dliteanas measta comhshaoil
- ceithre cinn de na 38 líonadh talún údaráis áitiúil — a chumhdaíonn 37% den dliteanas measta comhshaoil.

**9.39** B'ionann luach na bhforálacha airgeadais a bhí i bhfeidhm amhail an 31 Lúnasa 2020 maidir le dliteanais chomhshaoil a bhaineann le teagmhais agus dúnadh/iarchúram ag gach líonadh talún ceadúnaithe agus €191.7 milliún — €141.2 milliún le haghaidh líonadh talún a bhí á oibriú go príobháideach/líonadh talún tionsclaíoch agus €50.5 milliún le haghaidh líonadh talún atá ceadúnaithe ag údarás áitiúil (féach ar Fhíor 9.6).

**Fíor 9.6 Dliteanas comhshaoil agus foráil airgeadais le haghaidh láithreáin líonta talún**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Cás-Staidéar 3: líonadh talún rialáilte príobháideach a fheabhsú*

**9.40** Baineann an cás-staidéar le líonadh talún faoi úinéireacht phríobháideach ag Baile Chairdif, Contae Chill Dara a bhí á oibriú ar bhonn tráchtála ar feadh go leor blianta. Fuarthas gur sháraigh an t-oibreoir téarmaí an cheadúnais roinnt uaireanta. Ghlac an GCC seilbh i bhFeabhra 2011 ar an láithreán mar gheall ar bhuarthaí i dtaobh shláinte agus shábháilteacht an phobail. Tá an láithreán faoi úinéireacht Chomhairle Contae Chill Dara anois agus dheonaigh an GCC ceadúnas don Chomhairle i Márta 2019 chun an láithreán a bhainistiú.

**9.41** Bhí €23.9 milliún, ar an iomlán, curtha ar fáil ag an Roinn faoi dheireadh 2019 chun íoc as na costais a bhí ar ghníomhartha forfheidhmiúcháin, an láithreán a dhaingniú agus tabhairt faoi oibreacha ullmhúcháin le haghaidh feabhsúcháin. Meastar gurb ionann an costas a bheidh ar na hoibreacha feabhsúcháin eile agus ar an úsáid deiridh a bheartaítear a bhaint as an láithreán mar pháirc áineasa phoiblí agus €50 milliún. Tá an próiseas soláthair chun tairiscint a bhronnadh do na hoibreacha breise seo ar bun ag féachaint le conradh a bhronnadh sa dara leath den bhliain 2020.

**9.42** Tá imeachtaí coiriúla ar bun. Rinne an Ard-Chúirt cosaint dliteanais theoranta a chur ar leataobh in imeachtaí faoinar thug an GCC in aghaidh na n-oibreoirí ní ba luaithe chun dliteanas pearsanta a ghearradh ar oifigigh na cuideachta. Gearradh fíneáil €20 milliún in 2015 ach níor íocadh é seo.

### *Cás-Staidéar 4: seilbh a ghlacadh ar shaoráid rialáilte bhainistíochta dramhaíola i ndiaidh glacadóireachta*

**9.43** Sampla atá sa chás-staidéar de líonadh talún a bunaíodh le déanaí, a bhí á oibriú ó 2005 ar aghaidh ag Cill Chonaill i gContae na Gaillimhe faoi cheadúnas a d'eisigh an GCC. Ba choinníoll den cheadúnas foráil shubstainteach airgeadais chun íoc as dliteanais a thiocfadh chun solais i gcás dúnadh, feabhsúcháin nó iarchúraim. Ceapadh glacadóir leis an gcuideachta in 2013.

**9.44** Tháinig deacrachtaí aníos don GCC maidir leis an bhforáil airgeadais a scaoileadh agus rialaigh an Ard-Chúirt in aghaidh an GCC i gcás a tionscnaíodh in aghaidh an oibreora, bhanc an oibreora agus an ghlacadóra. Baineadh socraíocht €2 milliún amach leis an mbanc ina dhiaidh sin, i ndiaidh idirbheartaíocht a dhéanamh. Bunaithe ar mheasúnuithe reatha, meastar gurb ionann an costas ar oibreacha dúnta an láithreáin agus monatóireacht fhadtéarmach a dhéanamh air agus €17.8 milliún.

**Cás-Staidéar 3 Baile Chairdif — Comhairle Contae Chill Dara**

1950idí — Á chairéalú ó na 1950idí agus á aislíonadh de réir a chéile le dramhaíl ó shin i leith

1996

2003 — Bronnadh an 1ú ceadúnas diúscartha ar an oibreoir in ainneoin gearán

2006

2010 — Bhain an GCC urghaire ard-chúirte amach in aghaidh an oibreora

2011 — Thosaigh tine sa líonadh talún faoin talamh ag an láithreán in Ean. 2011

2015

2018 — Thug Comhairle Contae Chill Dara cuireadh do léiriú spéise chun tairiscint a chur isteach chun an láithreán a fheabhsú



## Príomhfhíricí

**Saghas an líonta talún:** Láithreán líonta talún príobháideach ceadúnaithe

**Costais go dtí seo:** €23.9 milliún

**Stádas:** Feabhsúchán ar bun

## Príomhghnéithe/costais amach anseo

- Cairéal gainimh agus gairbhéil a bhí sa láithreán i dtosach a rinneadh a aislíonadh de réir a chéile le dramhaíl ó na 1950idí. Oibríodh an láithreán faoi chead dramhaíola údaráis áitiúil, agus faoi cheadúnas dramhaíola ina dhiaidh sin le haghaidh dramhaíl struchtúrach a d'eisigh an GCC in 2003.
- Fuarthas gur sháraigh an t-oibreoir téarmaí an cheadúnais roinnt uaireanta agus bhain na sáruithe le slándáil agus bainistíocht an láithreáin agus le saghas na dramhaíola ar glacadh leis.
- Bhain an GCC urghaire Ard-Chúirte amach in 2010 in aghaidh oibreoir an láithreáin. D'fhág an t-oibreoir an tsaoráid go gairid ina dhiaidh sin.
- Thosaigh tine mhór ag an láithreán in Eanáir 2011 agus ghlac sé 30 lá le smacht a fháil air.
- Mar gheall ar bhuarthaí i dtaobh shláinte agus shábháilteacht an phobail agus faoin gcomhshaol, d'fheidhmigh an GCC a chuid cumhachtaí agus ghlac sé seilbh ar an láithreán.
- Aistríodh úinéireacht an láithreáin chuig Comhairle Contae Chill Dara i Meitheamh 2015.
- De bhun comhaid a d'ullmhaigh an GCC, rinneadh cás coiriúil ar thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi in aghaidh úinéir na talún a thabhairt chun críche in 2015 agus gearradh fíneálacha €20 milliún. Níor íocadh an fhíneáil, a bhí iníoctha leis an Státchiste, mar gheall nach bhfuil aon sócmhainní ag an gcuideachta atá i gceist.
- Tá €23.9 milliún caite ag an Stát amhail an 31 Nollaig 2019 ar ghníomhartha forfheidhmiúcháin agus chun an láithreán a dhaingniú agus a fheabhsú.
- Is é an costas a mheastar a bheidh ar fheabhsúchán agus ar an úsáid deiridh a bheartaítear a bhaint as an láithreán mar pháirc áineasa phoiblí €50 milliún. Tá an próiseas soláthair chun tairiscint rathúil a bhronnadh do na hoibreacha breise seo ar bun ag féachaint le conradh a bhronnadh níos déanaí in 2020.

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Cás-Staidéar 4 Cill Chonaill — Comhairle Contae na Gaillimhe

- **2005** — Osclaíodh an láithreán
- **2009** — Rialaigh an Chúirt i bhfabhar an GCC i gcás a tionscnaíodh in aghaidh an oibreora
- **2010**
- **2013** — Cuireadh stop le glacadh le dramhaíl i ndiaidh gur ceapadh glacadóir don oibreoir
- **2014**
- **2016** — Atosaíodh le glacadh le dramhaíl ag an láithreán i Lúnasa 2016
- **2017**
- **2018**
- **2019** — Cuireadh stop le glacadh le dramhaíl ag an láithreán i Meitheamh 2019



### Príomhfhíricí

**Saghas an líonta talún**: líonadh talún príobháideach — láithreán úrnua a ndearnadh líonadh talún de faoi cheadúnas a d’eisigh an GCC ó Nollaig 2005

**Costais go dtí seo:** €9.6 milliún

**Stádas:** Dúnta in 2020 agus iarchúram leanúnach ag teastáil

### Príomhghnéithe/costais amach anseo

- D’oscail oibreoir tráchtála líonadh talún Chill Chonaill in 2005, faoi cheadúnas dramhaíola a d’eisigh an GCC.
- Coinníoll den cheadúnas ná go ndéanfadh an t-oibreoir foráil leordhóthanach airgeadais le haghaidh dliteanas féideartha i gcás dúnadh, iarchúram agus beart feabhais i gcás teagmhais.
- Ghlac an líonadh talún le dramhaíl ó Nollaig 2005 go Bealtaine 2013 ar ráta 100,000 tonna sa bhliain le haghaidh diúscartha agus a mhéid le 27,320 tonna sa bhliain i gcás ábhar innealtóireachta chun críocha aisghabhála.
- Cuireadh stop leis an líonadh talún a oibriú i mBealtaine 2013 nuair a ceapadh glacadóir leis an gcuideachta oibrithe.
- D’fheidhmigh an GCC a chuid cumhachtaí in Iúil 2013 chun dul isteach ar an láithreán agus cheap sé Comhairle Contae na Gaillimhe mar ghníomhairí agus oifigigh údaraithe ar bhonn éigeandála. Ghlac Comhairle Contae na Gaillimhe seilbh ar an láithreán in 2015.
- Atosaíodh le glacadh le dramhaíl i Lúnasa 2016 agus an líonadh talún faoi cheannas Chomhairle Contae na Gaillimhe. Cuireadh stop le hoibríochtaí sa láithreán i Márta 2020 agus níl sé gníomhach a thuilleadh.
- Bhí deacrachtaí dlíthiúla ag an GCC chun an fhoráil airgeadais a chur i bhfeidhm maidir leis an láithreán.
- Rialaigh an Ard-Chúirt in aghaidh an GCC i gcás a tionscnaíodh in aghaidh na n-oibreoirí, bhanc an oibreora agus an ghlacadóra chun an fhoráil airgeadais a cuireadh ar leataobh a scaoileadh ar mhaithe leis an dúnadh a mhaoiniú, feabhsúchán a dhéanamh ar an láithreán agus iarchúram an láithreán.
- Rinne an GCC achomharc ar chinneadh na hArd-Chúirte leis an gCúirt Uachtarach. Aistarraingíodh an t-achomharc nuair a comhaontaíodh socraíocht leis an mbanc.
- Bunaithe ar mheasúnuithe reatha, meastar gurb ionann an costas ar oibreacha dúnta an láithreáin agus monatóireacht fhadtéarmach a dhéanamh air (ar feadh 30 bliain) agus €17.8 milliún.

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Conclúidí agus moltaí

**9.45** Tá athrú suntasach struchtúrach tagtha ar bhainistíocht dramhaíola in Éirinn le fiche bliain anuas. Cuireadh stop de réir a chéile le brath beagnach go hiomlán ar líonadh talún agus cuireadh tús, faoi mar atá á dhéanamh faoi láthair, le méideanna móra dramhaíola a athchúrsáil nó a aisghabháil, agus táthar ag brath go mór ar dhramhaíl nach féidir a athchúrsáil a dhó. Tugtar seo faoi deara sa mheath réidh atá tagtha ar an méid líonadh talún atá i mbun oibre — ní raibh ach trí cinn i mbun oibre in 2019. D'ainneoin an athraithe seo, mar gheall gur braitheadh roimhe seo ar líonadh talún, beidh feabhsúchán agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar láithreáin dhúnta ina gcostas mór a mbeifear ag íoc as go ceann blianta amach anseo.

**9.46** Sainaithníodh 611 láithreán líonta talún, ar an iomlán. Tá stop curtha le hoibríochtaí i ngach ceann díobh seo, nach mór. Is an-éagsúil na láithreáin i dtaobh a rialála agus a n-oibrithe, agus léiríonn seo na socruithe reachtúla ar tháinig athrú orthu le caoga bliain anuas, agus ceanglais bhainistíochta dramhaíola an AE atá ag éirí níos déine de réir a chéile agus an bhagairt a chruthaíonn fíneálacha a ghearradh mar thoradh ar neamhchomhlíonadh. Mar thoradh ar na socruithe a bhfuil athrú ag teacht orthu, déantar an fhreagracht sin as maoirseacht agus feabhsúchán na láithreán a scaipeadh i measc go leor gníomhaireachtaí.

### Moladh 9.1

Ba cheart don Roinn tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar shocruithe rialachais a bhaineann le láithreáin líonta talún lena chinntiú go ndéantar freagrachtaí as maoirseacht agus monatóireacht láithreán líonta talún a shainiú agus a shannadh go soiléir lena chinntiú go dtéitear i mbun na mbeart cuí chun na rioscaí a chruthaítear don chomhshaol agus do phobail a dhíothú ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tugadh faoi obair fhorleathan cheana féin chun feabhas a chur ar socruithe rialachais don chlár feabhsúcháin líonadh talún, comhordaitheoirí réigiúnacha a cheapadh san earnáil údarás áitiúil agus grúpa stiúrtha a bhunú in 2019 san áireamh. Tagann an grúpa stiúrtha, ar a ndéanann an Roinn cathaoirleacht agus a dtacaíonn na hoifigí pleanála dramhaíola réigiúnacha leis, le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn tionscadail, cistí a leithdháileadh agus a tharraingt anuas, agus chun saincheisteanna beartais agus oibríochtúla atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus freagairt dóibh. Beartaítear chun meabhrán tuisceana a thabhairt chun críche leis an GCC agus an earnáil údarás áitiúil (faoi dheireadh Mhárta 2021) ina leagfar amach na róil agus na cuspóirí a chomhaontaítear do gach comhlacht maidir leis an bhfreagairt náisiúnta a sholáthar agus a bhainistiú do láithreáin líonta talún lena chinntiú go bhfreagraítear go leanúnach agus go comhsheasmhach d'aon riosca comhshaoil a chruthaíonn láithreáin líonta talún a mhaolú.

**9.47** Tá tábhacht le monatóireacht a dhéanamh ar thosca riosca comhshaoil a bhaineann le láithreáin líonta talún lena chinntiú go gcosnaítear an comhshaol agus go ndéantar costais feabhsúcháin a íoslaghdú.

**9.48** Déanann an GCC monatóireacht ar thosca riosca comhshaoil ar bhonn leanúnach ar na 117 láithreán líonta talún atá á gceadúnú agus á rialáil aige ó Mhárta 1997 (tá 64 láithreán á n-oibriú ag údaráis áitiúla agus tá 53 láithreán á n-oibriú go príobháideach). Ní raibh ach trí líonadh talún a bhí á n-oibriú go príobháideach i mbun oibre go fóill faoi dheireadh 2019.

**9.49** Ní dhéanann an GCC monatóireacht ar thosca riosca comhshaoil ag na 494 líonadh talún a shainaithin na húdaráis áitiúla agus atá cláraithe ar bhunachar sonraí atá á choimeád ag an GCC.

**9.50** Deimhníodh go gcruthaíonn breis agus leath (152) de na 280 láithreán a bhí á n-oibriú ag údaráis áitiúla, agus a dúnadh ina dhiaidh sin idir Meitheamh 1977 agus Márta 1997, riosca measartha nó ardriosca, i ndiaidh measúnú a dhéanamh orthu. Níor cuireadh pleananna feabhsúcháin faoi bhráid an GCC, mar chuid de na hiarratais ar dheimhnithe údaraithe, ach maidir le 29 (19%) díobh seo. Níor eisíodh deimhnithe údaraithe ach maidir le 11 láithreán (7%).

**9.51** Níorbh fhéidir leis an GCC, ná leis an Roinn, ná na hoifigí pleanála bainistíochta dramhaíola réigiúnacha eolas iomlán a sholáthar don fhoireann scrúdaithe ar stádas measúnaithe riosca na 214 láithreán eile ar an gclár amhail an 31 Nollaig 2019, láithreáin údaráis áitiúil, láithreáin phríobháideacha agus láithreáin neamhdhleathacha a bhí á n-oibriú roimh 1977 san áireamh.

**Moladh 9.2**

Ba cheart don Roinn tograí a fhorbairt lena chinntiú go gcríochnaítear gach measúnú riosca nár críochnaíodh go fóill ar bhonn tráthúil agus go gcuirtear pleananna feabhsúcháin i bhfeidhm go práinneach maidir leis na láithreáin líonta talún siúd a dheimhnítear a chruthaíonn riosca measartha nó ardriosca i ndiaidh go ndearnadh measúnú orthu.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tugann an Roinn agus údaráis áitiúla tús áite do mheasúnuithe riosca nár críochnaíodh go fóill a chríochnú agus do phleananna feabhsúcháin cuí a chur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn maith déanta leis an obair seo agus tá sé ar bun ar leibhéal údaráis áitiúil, agus tá monatóireacht á déanamh ag grúpa stiúrtha air. Leagtar amach eolas ar láithreáin líonta talún stairiúla agus leagáide sna pleananna bainistíochta dramhaíola réigiúnacha (PBDRanna) atá ann cheana féin ón mbliain 2015 agus cuirfear nuashonrú cuimsitheach san áireamh sa chéad sraith eile de PRBRanna atá le foilsiú in 2021.

**9.52** Chaith ranna an rialtais láir €77 milliún, ar an iomlán, ar fheabhsúchán láithreán Inis Sionnach. Anuas air sin, chaith an Roinn beagnach €106 milliún faoi scéim deontais a bhain le láithreáin a dúnadh roimh Aibreán 2009 chun tacú le húdaráis áitiúla a bhí ag tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin ar 121 láithreán líonta talún. Tugadh oibreacha ar 22 láithreán chun críche. Measann an Roinn go mbeidh luach €68 milliún breise de chistiú deontais ag teastáil maidir le dhá cheann de na láithreáin níos mó (Baile Chairdif agus Cill Chonaill), áit a bhfuil obair ar siúl. Ní aon mheastachán déanta ar an gcaiteachas a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó údaráis áitiúla maidir leis na láithreáin eile, mar a bhfuil feabhsúchán ar siúl.

**Moladh 9.3**

Ba cheart don Roinn meastacháin mheántéarma a fhorbairt ar na costais amach anseo a bheidh ar fheabhsúchán líonadh talún.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá meastacháin chostais dhea-bhunaithe ag an Roinn le haghaidh roinnt láithreán, ar nós Bhaile Chairdif agus Chill Chonaill agus príomhthoradh, ar a ndíreoidh an grúpa stiúrtha, a bheidh i meastacháin mheántéarma a fhorbairt ar chostais eile amach anseo.

**9.53** Beartaítear go gcinnteoidh socruithe forála airgeadais mar chuid de cheadúnú an GCC lena chinntiú go mbeidh acmhainní dóthanacha ar fáil chun costais athchóirithe agus iarchúraim a chistiú nuair a dhúntar láithreáin líonta talún, nó nuair a thiteann teagmhais truaillithe amach fad a bhíonn siad á n-oibriú.

**9.54** Sampla é líonadh talún Chill Chonaill inar theip ar an socrú maidir leis an bhforáil airgeadais a bhí i bhfeidhm chun na cistí a sholáthar a bhí ag teastáil chun íoc as costais dúnta agus iarchúraim. Ina ionad sin, tá ar an Roinn costais shubstainteacha a chistiú a bhaineann leis an láithreán a dhúnadh, a fheabhsú agus le monatóireacht leanúnach a dhéanamh air.

**9.55** Chuaigh an GCC i mbun gnímh chun feabhas a chur ar luach agus daingne na bhforálacha airgeadais a cuireadh i bhfeidhm maidir le gach líonadh talún, go háirithe líonadh talún atá á oibriú go príobháideach agus líonadh talún tionsclaíoch. Bhí forálacha airgeadais i bhfeidhm chun íoc as breis agus 93% de na costálacha siúd i gcás na 22 líonadh talún a bhí á n-oibriú go príobháideach/tionsclaíoch a ndearnadh comhaontú ar chostálacha tuartha dliteanas comhshaoil dóibh, amhail dheireadh Lúnasa 2020. Ina ainneoin sin, tá bearna €10 milliún ann idir na dliteanais chomhshaoil a rinneadh a chostáil agus na forálacha airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh líonadh talún atá á oibriú go príobháideach/ líonadh talún tionsclaíoch.